# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

**24 Samhain 2022** || Eagrán 123

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**



# SEACHTAIN NA HEOLAÍOCHTA

**Cuireadh tús iontach le seachtain na heolaíochta, ag Coláiste Cholmcille, le ceardlann DNA le heolaithe ó Roinn Bhithcheimice Ollscoil na Gaillimhe. D'inis na heolaithe do dhaltaí bhliain 1 go 4 faoina bpoist agus faoi na deiseanna fostaíochta atá san earnáil eolaíochta. Tháinig an fisiceoir Declan Holmes isteach ar an Máirt agus rinne sé ceardlann roicéid leis na daltaí uilig. Tháinig cuairteoirí óga ó Rang 5 & 6, Scoil Sailearna anoir ag an gceardlann chomh maith. Fuair na daltaí an deis roicéad a chur le chéile agus cuireadh san aer iad ag deireadh na ceardlainne. Tháinig na heolaithe ón Roinn Bhithcheimice ar ais aríst ar an Déardaoin agus ghlacadar páirt i gcluiche sheomra na ndúshlán. Bhain an scoil uilig an-taitneamh as an tseachtain agus tá buíochas mór tuillte ag Anna Ní Fhlatharta a d'eagraigh na himeachtaí oideachasúla agus spraíúla seo.**






# Oíche Áilleachta
## CHOIS FHARRAIGE





Á chur i láthair ag
Máire Treasa Ní Dhubhghaill



**Tigh Standún**
**Déardaoin 1 Nollaig**
**@7:00i.n**

Raifil, duaiseanna & soláistí.

**Síntiúis ar an oíche ag dul chuig 'Breast Cancer Ireland'**

C BEAUTY

STANDÚN SPIDDAL


COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

BREAST CANCER IRELAND
researching a cure

Síoda
Hair & Beauty

# TAISCE CHOIS FHARRAIGE: SEOLADH ÁITIÚIL

**Seolfar suíomh idirlín de chuid Taisce Chois Fharraige - 'www.taiscecf.ie' in Óstán Chuan Chonamara ar an Domhnach 4ú Nollaig. Is togra de chuid Ceoltóirí Óga Chois Fharraige é Taisce Chois Fharraige - a cuireadh tús leis le linn na dianghlasála. Is togra pobalbhunaithe é áit a cuirtear cartlann shuimiúil agus thar a bheith taitneamhach ar fáil - agus beifear ag cur leis an gcnuasach de réir a chéile. Tá ábhar scríofa ann chomh maith le pictiúir, ábhar fuaime agus taifeadtaí físe a thaitneoidh leosan atá ar thóir na siamsaíochta nó leosan atá i mbun foghlama agus taighde. Áis oideachasúil atá ann d'óige an cheantair agus do lucht suime na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh ar fud na cruinne. Tá eolas saibhir le fáil ar an suíomh maidir le ceoltóirí, amhránaithe, fonnadóirí, damhsóirí, scéalaithe agus scríbhneoirí a chur go mór le ceol agus traidisiún na Gaeltachta. Beidh ócáid speisialta ar an 4ú Nollaig le ceiliúradh a dhéanamh ar an suíomh agus an dea-obair atá déanta ag na ceoltóirí óga go dtí seo. Cuirfear tús le cúrsaí @ 6:30i.n.**





# POTA
## CAFÉ

## Taispeántas Cócaireachta Nollag

Bain an strus as cócaireacht na Nollag
le cúpla cleas cliste agus cúpla oideas simplí
don dinnéar féin agus don tréimhse i gcoitinne.

Scailtín Fíona agus Pióga Mionra

páirtmhaoinithe ag
Fóram Chois Fharraige
um Pleanáil Teanga

**2-5pm**
**Domhnach**
**27/11**
**€15**



Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

gnáthphraghas €20, lascaine a bhuíochas le
Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga

Déan teagmháil le: optchoisfharraige@gmail.com (083 010 6294)
le ticéad a fháil nó is féidir ticéad a cheannach ar líne ag:
https://www.eventbrite.ie/e/pota-cafe-taispeantas-cocaireachta-nollag-tickets-451891829627

# Teacht le Chéile na Nollag

## Cumann Drámaíochta

## Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige

áit a léireofar gearrdhráma nua:

## 'Gaeil an Lae Inniu'

le Máirín Mhic Lochlainn

& neart ceoil, amhránaíochta 's comhluadar!

## Dé Sathairn 10 Nollaig @ 8:30i.n. Tigh Chualáin

Beidh Teacht le chéile na Nollag ag Cumann Drámaíochta de chuid Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige ar an Satharn 10ú Nollaig @ 8:30i.n. i dTigh Chualáin. Léireofar an gearrdhráma nua 'Gaeil an Lae Inniu' le Máirín Mhic Lochlainn ar an oíche agus beidh neart ceoil, amhránaíochta agus comhluadar breá ar an oíche! Fáilte roimh chách!




Tá lascaine speisialta ag Futa Fata don deireadh seachtaine. Is féidir lascaine de 20% a fháil ach an cód 'Slad22' a úsáid ar an suíomh idirlín. Tá réimse leathan de leabhair iontacha ag Futa Fata - is féidir teacht orthu ag www.futafata.ie



# AITHEANTAS MAR SCOIL GHAELTACHTA BRONNTA AR SCOIL ÉINNE

Comhghairdeachas le Scoil Éinne, sa Spidéal atá Aitheantas mar Scoil Ghaeltachta bainte amach acu. Tá an scoil thar a bheith buíoch leis na daltaí, iar-dhaltaí, do chuile bhall foirne atá agus a bhí leo agus iad ag baint amach an aitheantais chomh maith le Bord Bainistíochta na scoile - bail ó Dhia ar an obair! Gabhadh buíochas mór freisin do thuismitheoirí, iarthuismitheoirí, Coiste na dTuismitheoirí, Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga, pobal na scoile, muintir an Spidéil agus gach eagraíocht a chuidigh leo agus obair na gcapall ar siúl ann.



# SCOLÁIREACHTAÍ BRONNTA AR IARSCOLÁIRÍ AN SPIDÉIL

Comghairdeachas mór millteach le Andrew Egan, Seán Ó Gallchobhair (Ardteist 2021) agus Cainnear Nic Réamoinn (Ardteist 2022) - iarscoláirí Choláiste Chroí Mhuire ar a bronnadh scoláireachtaí sár-mhaitheasa orthu le gairid ag ocáid in Ollscoil na Gaillimhe. Ghnóthaigh siad na scoláireachtaí seo mar gheall ar a gcuid torthaí iontacha san Ardteist. Maith sibh a chairde!







# SLADMHARGADH NA NOLLAG

Beidh sladmhargadh ar siúl sa siopa, An Spailpín Fánach, i gCeardlann an Spidéil an deireadh seachtaine seo, ón Aoine beag 25ú Samhain go dtí Dé Domhnaigh 27ú Samhain. Beidh go leor earraí éagsúla ar leath-phraghas, agus lascaine 10% ar na héadaí go léir sa siopa. Déanann an Spailpín t-léinte agus geansaithe do dhaoine óga agus daoine fásta, agus tá réimse iontach de gheansaithe Nollag acu, chomh maith le rogha mór cártaí Nollag i nGaeilge. Bíonn leabhra ar díol, i mBéarla is i nGaeilge, agus réimse leathan ceoil dlúthdhioscaí, le béim faoi leith ar cheoltóirí agus amhránaithe traidisiúnta. Bí cinnte go dtugann sibh cuairt ar an siopa!








Spailpín

# GREAMÁIN GHAEILGE AR FÁIL AR LÍNE


Tá greamáin áille ar fáil, saor in aisce, ón suíomh idirlín 'www.connectthedotsdesign.com' Tá rogha iontach ar fáil do ghreamáin ildaite a bheadh an-fheiliúnach don seomra ranga, don ionad cúram leanaí nó ag abaile fiú! Is iomaí frása deas atá ar na greamáin ar nós: "Obair iontach", "Ar fheabhas" agus "Iarracht Iontach". Cuirtear an leagan digiteach ar fáil saor in aisce agus ní mór iad a phriondáil tú féin.



# ÉIGSE JOE STEVE

D'éirigh thar barr le Éigse Joe Steve, a eagraíodh don chéad uair an deireadh seachtaine seo caite. Ar an Aoine sé Tomás Mac Con Iomaire a d'oscail an Éigse i Seanscoil Sailearna, nuair nach bhféadfadh an tUachtarán, Micheál D. Ó hUigínn, a bheith i láthair, de bharr cúraimí stáit. Ina phíosa cainte thagair Tomás Mac Con Iomaire don bhaint a bhí ag Joe Steve Ó Neachtain le feachtas agóidíochta Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, feachtas a dúirt sé "a d'athruigh saol agus meoin na Gaeltachta as cuimse". Dúirt sé gur iomaí suáilce a bhí ag Joe Steve, ach gur chreid sé go raibh suáilce na dearfachta go smior ann. "Duine fíor-dhearfach a bhí ann. Ní raibh cnámh diúltach ina cholainn. Agus sé an dearfacht agus an diongbháilteacht sin a chinntigh go raibh sé in ann éifeacht chomh mór sin a bheith aige ar shaol a linne, ar chruthú seirbhísí ina phobal dúchais: uisce reatha; forbairt portaigh; áiseanna spóirt; lena chuid oibre le Gaeltarra Éireann agus Údarás na Gaeltachta ag tógáil monarchana, ag cinntiú go mbeadh ceirdeanna ag pobal óg na Gaeltachta". Dúirt sé gur roinn sé féin agus a bhean Máirín iad féin go flaithiúil, ar dtús le pobal Chonamara agus diaidh ar ndiaidh le pobal na tíre. Joe Steve an Fíodóir Focal, Joe Steve an gháire, Joe Steve a bhain gáire asainn, Joe Steve ar mba linne é, ar mba linn ar fad é. Mar chuid den oíche oscailte sheol Lochlainn Ó Tuairisg "Oiread Áiméan", leabhar nua de scéalta barrúla, an cúigiú leabhar déag ó pheann Joe Steve.





Bhí neart imeachtaí ar bun le linn an deireadh seachtaine, ach is cinnte gurb é Seó Beo Joe an imeacht is mó a bheas caint air: ar an stáitse léiríodh cuid de shaothar Joe Steve, idir amhráin, filíocht, lúibíní, agallaimh beirte, sceitsí agus míreanna ó chuid de na drámaí a scríobh Joe. Bhí an oiread éilimh ar thicéad is gur cuireadh an seó ar an ardán don tríú oíche, cé nach raibh i gceist ach dhá oíche leis i dtosach. Bhí os cionn 30 duine páirteach sa seó, idir aisteoirí, amhránaithe, agus na daoine ar chúl na stáitse agus é léirithe ag Josie Chóilí Óg Ó Cualáin, a bhí ina dhlúthchara le Joe. Tá creidiúint mhór ag dul do Chomharchumann Sailearna agus don choiste beag a d'eagraigh Éigse Joe Steve: Peigí Uí Chéidigh (Bainisteoir CST); Pádraic Mac Diarmada (Cathaoirleach CST); Micheál Darby Ó Fátharta; Lochlainn Ó Tuairisg; Josie Chóilí Óg Ó Cualáin; Aisling Ní Neachtain; Caitlín Ní Chualáin agus Bridie Ní Churraoin.



### Dé Sathairn, 19 Samhain

12–2 i.n. **'Preab san Aer'** – preabléirithe gan choinne *am éigin idir 12.00-2.00i.n.* Tigh Mháirtín Uí Dhomhnaill/Centra/Texaco, an Spidéal, sa siopa Scéal Eile (trasna ó shéipéal an Chnoic) agus Caifé Pota ar an Tulaigh



2–3 i.n. **Cuairt ar Áras Chois Fharraige** (ceol & lúibíní)



2-5 i.n. **Ceardlann scríbhneoireachta** sa tSeanscoil (tuilleadh eolais ó Chló Iar-Chonnacht — www.cic.ie/091-593307)

8–10 i.n. **Seó Beo Joe** sa tSeanscoil (Eolas ar thicéid ar chúl) — míreanna stáitse as saothar Joe Steve idir sceitseanna, radharcanna as drámaí, agallaimh bheirte, lúibíní agus dánta.

10.30 i.n. **Seisiún** Tigh Mholly



### Dé Domhnaigh, 20 Samhain

12 i.n. **Cuairt ar uaigh Joe Steve** i Reilig an Chnoic

1–2.30 i.n. **Ócáid Filíochta** Tigh Mholly (le sóláistí)

8–10 i.n. **Seó Beo Joe** sa tSeanscoil (Eolas ar thicéid ar chúl)



